Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Iúil 2025
(OR. en)

11484/25

LIMITE

CORLX 749
CFSP/PESC 1128
COLAC 107

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/2319 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háítí |

**CINNEADH (CBES) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/2319**
**a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háítí**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2022/2319 ón gComhairle an 25 Samhain 2022 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háítí[1], agus go háirithe Airteagal 4(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

---

[1] IO L 307, 28.11.2022, lch. 135, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/2319/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 25 Samhain 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/2319.

(2) An 8 Iúil 2025, chuir Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (‘CSNA’) arna bhunú de bhun Rún 2653 (2022) ó CSNA 2 eintiteas le liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2022/2319 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2022/2319 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

## IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2022/2319, i 'Liosta na ndaoine dá dtagraítear in Airteagal 1(1), Airteagal 2(1) agus Airteagal 3(1), agus na n-eintiteas dá dtagraítear in Airteagail 1(1) agus 3(1)', cuirtear an ceannteideal agus na hiontrálacha seo a leanas leis:

**'EINTITIS**

1. **GRAN GRIF**: Liostaítear é de bhun mhír 15 de Rún 2653 (2022) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe i ngeall ar na bearta a liostaítear i mír 6 den Rún sin, arna míniú tuilleadh le mír 16(a) den Rún sin.

   **Ar a dtugtar freisin**: (a) Gran Grif de Savien (b) Savien gang (c) Baz Gran Grif

   **Seoladh**: Háítí

   **Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe**: an 8 Iúil 2025

PUBLIC

**Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil**: Is é Gran Grif an drong is mó i Roinn Artibonite Háítí. Ó bhí 2022 ann, tá Gran Grif freagrach as 80 % de na básanna sibhialtacha a thuairiscítear in Artibonite. D'ionsaigh Gran Grif Póilíní Náisiúnta Háítí agus an misean Ilnáisiúnta Tacaíochta Slándála atá údaraithe ag na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear ionsaí mhí Feabhra 2025 inar maraíodh oifigeach de mhisean ilnáisiúnta tacaíochta slándála ón gCéinia. An 11 Eanáir 2024, dhúnmharaigh baill de Gran Grif fear agus srac siad a chorp óna chéile tar éis dó cur i gcoinne ionsaithe dá gcuid. An 3 Deireadh Fómhair 2024, rinne drong Gran Grif, faoi stiúir Luckson Elan (HTi.007), ionsaithe ar Pont-Sonde i gcomún Saint Marc (Roinn Artibonite), agus tuairiscítear gur maraíodh thart ar 100 duine agus gur gortaíodh 16 dhuine. Tuairiscíodh cúig chás éignithe ar a laghad agus is le mionaoiseach a bhaineann ceann amháin acu sin. De dheasca an tslada, cuireadh iallach ar níos mó ná 6,000 duine dul ar a dteitheadh óna dtithe freisin. An 11 Nollaig 2024, mharaigh Gran Grif 70 duine in Petite-Rivière-de-l'Artibonite tar éis do ghrúpa féinchosanta 39 nduine ar cuireadh ina leith go raibh baint acu leis an drong a linseáil idir an 9 agus an 10 Nollaig 2024. Idir mí na Nollag 2023 agus mí Iúil 2024, d'fhuadaigh drong Gran Grif 157 nduine le linn naoi dteagmhas fuadaigh ar leith in Petite-Rivière-de-l'Artibonite. An 30 Samhain 2024, maraíodh bean 22 bhliain d'aois nuair a scaoileadh dhá urchar lena faighin mar gur dhiúltaigh sí caidreamh gnéasach a bheith aici le ceannaire Gran Grif, Luckson Elan, in Petite-Rivière-de-l'Artibonite. Bhí baill eile de Gran Grif páirteach i gcásanna éignithe freisin. I mí Aibreáin agus i mí na Bealtaine 2024, mharaigh Gran Grif beirt dlíodóirí. Is é is aidhm do na hionsaithe sin ar ghairm an dlí eagla agus imeaglú a ghiniúint agus is bagairtí tromchúiseacha iad ar fheidhmiú an neamhspleáchais bhreithiúnaigh agus na hionadaíochta dlíthiúla.

PUBLIC

2. **VIV ANSANM**. Liostaítear é de bhun mhír 15 de Rún 2653 (2022) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe i ngeall ar na bearta a liostaítear i mír 6 den Rún sin, arna míniú a thuilleadh le míreanna 16(a) agus 16(g) den rún sin.

**Ar a dtugtar freisin**: (a) Living Together (b) G-9 (c) G9 Family and Allies (d) G9 Fanmi e Alye (e) The Revolutionary Forces of the G9 Family and Allies (f) Fòs Revolisyonè G9 an Fanmi e Alye (g) G-Pèp (h) G-People

**Seoladh**: Háítí

**Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe**: an 8 Iúil 2025

PUBLIC

**Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil**: Is grúpa é Viv Ansanm atá faoi stiúir Jimmy Chérizier (HTi.001) a bunaíodh i mí Mheán Fómhair 2023 mar chomhghuaillíocht idir an dá phríomhfhaicsean drong atá ag feidhmiú in Port-au-Prince, G-9 agus G-Pèp. Cuireann an grúpa ardán aontaithe ar fáil do ghrúpaí coiriúla chun foréigean a úsáid chun Háítí a dhíchobhsú agus gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh rialú an stáit a athbhunú a a chur faoi chois. Sheol Viv Ansanm ionsaithe comhordaithe ar bhonneagar criticiúil i Háítí, lena n-áirítear príosúin, foirgnimh rialtais, agus príomhaerfort Háítí in Port-au-Prince mar chuid d'fheachtas a chuir iallach, i measc nithe eile, ar an iarPhríomh-Aire Ariel Henry éirí as oifig. Rinne an dá chomhghuaillíocht drong eile – G9 agus G-Pèp – comhghuaillíocht Viv Ansanm a athghníomhachtú an 29 Feabhra 2024, chun aghaidh choiteann a bhunú i gcoinne an rialtais idirthréimhsigh. Ó dheireadh mhí Feabhra go mí na Bealtaine 2024, chonaic Port-au-Prince leibhéil foréigin nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe sin ina ndearnadh ionsaithe drong comhordaithe ar phríomhfhoirgnimh rialtais agus ar bhonneagar criticiúil. Ó shin i leith, tá méadú ag teacht ar leibhéal an fhoréigin de réir mar a fhéachann Viv Ansanm lena chríoch a chomhdhlúthú agus le comharsanachtaí breise a thabhairt faoina smacht in Port-au-Prince. Idir an 11 agus an 19 Samhain 2024, d'ionsaigh dronga Viv Ansanm roinnt suíomhanna i limistéar cathrach Port-au-Prince, ar nós Pernier, Nazon, agus Vivy Mitchel, mar iarracht ar ionradh a dhéanamh ar Delmas agus Pétionville. Maraíodh 220 duine ar a laghad mar thoradh ar an bhforéigean a d'eascair as sin, gortaíodh 92 dhuine agus easáitíodh beagnach 41,000 duine. Idir an 26 agus an 29 Eanáir 2025, rinne Viv Ansanm roinnt ionsaithe in Kenscoff (An Roinn Thiar), ó dheas de Port-au-Prince, arbh é is aidhm dóibh smacht a urghabháil ar an limistéar agus rochtain ar an gcuid Thoir Theas den tír a dhaingniú. Meastar gur maraíodh idir 90 agus 150 duine sa slad.

PUBLIC

Mar thoradh ar an bhforéigean freisin, scriosadh níos mó ná 100 teaghlach, agus easáitíodh 3,139 nduine. Tá 10 n-ionsaí mhóra ar a laghad déanta ag Viv Ansanm ar an bPálás Náisiúnta ó thús mhí an Mhárta 2024. D'ionsaigh Viv Ansanm arís agus arís eile, *inter alia*, na hAireachtaí Ceartais, Cosanta agus Gnóthaí Baile, iarfhoirgneamh *Cour Supérieure des Comptes et du Contentieux Administratif* agus an t-ospidéal ginearálta, chomh maith le haonaid Phóilíní Náisiúnta Háítí, lena n-áirítear *Unité Départementale de Maintien d'Ordre* agus stáisiún póilíní Port-au-Prince. I gcomúin thuaidh na príomhchathrach, mharaigh dhá dhrong de Viv Ansanm, 5 Segonn agus Canaan, deichniúr ar a laghad agus dhóigh siad roinnt tithe le linn ionsaithe i gcoinne chomúin Arcahaïe agus Cabaret an 6 Lúnasa 2024, agus iad ag iarraidh a smacht a leathnú feadh limistéar bhá Port-au-Prince, chun go n-éascófaí gluaiseacht drugaí agus rochtain ar limistéir eile, is dócha. Bhí baint ag mionaoisigh le hionsaithe Viv Ansanm in Port-au-Prince mar aon le seicphointí a bhainistiú. Úsáidtear leanaí le haghaidh tascanna éagsúla ag brath ar a n-aois, a ngnéas agus a scileanna. Mar shampla, bíonn cailíní i mbun cúraimí tí nó bíonn siad ag obair mar spiairí de ghnáth chun faisnéis a bhailiú ó íospartaigh fhéideartha fuadaigh, nó chun gluaiseachtaí póilíní nó gluaiseachtaí drong eile a sheiceáil. Tuairiscítear freisin go mbíonn armáin á n-iompar ag cailíní agus gur dócha go mbíonn siad i mbun caismirtí. Idir mí Feabhra agus mí na Bealtaine 2024, ghlac Viv Ansanm scriosadh agus ransú bonneagair phoiblí agus phríobháidigh agus maoine poiblí agus príobháidí mar bheart i limistéar cathrach Port-au-Prince. Mar shampla, an 24 Márta 2024, rinne Viv Ansanm ionsaí neamh-idirdhealaitheach mór ar roinnt bloc thart ar an bPálás Náisiúnta. Ba é aidhm an ionsaithe na daoine go léir a bhí ina gcónaí sa cheantar a dhíbirt agus an oiread damáiste agus ab fhéidir a dhéanamh. Aithníodh Johnson "Izo" André (HTi.002), ceannaire 5 Segonn, mar cheann de na príomhionsaitheoirí san ionsaí. I mí an Mhárta 2024, scrios an Viv Ansanm Ospidéal Jude-Anne agus ransaigh sé an tOspidéal agus Ionad Sláinte Saint-Martin i gcomharsanacht Delmas 18.

PUBLIC

Idir mí Feabhra agus mí na Bealtaine 2024, rinne comhaltaí Viv Ansanm loitiméireacht ar áitribh Roinn na hEolaíochta, Roinn na Teangeolaíochta, Roinn na hAgranamaíochta agus na Tréidliachta, Roinn an Leighis agus na Cógaisíochta, *École Normale Supérieure* in Ollscoil Stáit Háítí, Scoil Náisiúnta na nEalaíon, Scoil Mheasctha *Les Frères Nau*, agus na Leabharlainne Náisiúnta in Port-au-Prince, i measc go leor láithreáin oideachais eile, agus chuir siad trí thine iad. Ó bhí deireadh mhí Feabhra 2024 ann, tá ionsaí déanta ag comhaltaí Viv Ansanm ar bhonneagar criticiúil, ar choimeádáin ghoidte a bhfuil soláthairtí garchabhrach iontu, agus ar ospidéil agus cógaslanna a ndearnadh creachadóireacht orthu, i measc láithreáin cabhrach daonnúla eile, go háirithe i limistéar cathrach Port-au-Prince. Chuir na bóithre blocáilte agus dúnadh an phríomh-aerfoirt agus an príomhchalafoirt srian mór ar ghluaiseacht soláthairtí ríthábhachtacha agus pearsanra cabhrach daonnúla. Tá na ganntanais a bhí ann cheana imithe in olcas mar gheall ar an suaitheadh sin agus chuir siad bac ar sheachadadh na cabhrach daonnúla ríthábhachtaí. An 15 Márta 2024, chreach Viv Ansanm, in éineacht le sibhialtaigh, coimeádán a raibh cabhair dhaonnúil de chuid UNICEF ann mar aon le soláthairtí riachtanacha le haghaidh cabhair tarrthála do leanaí. Bhí tionchar tromchúiseach ag dúnadh an phríomhchalafoirt tráchtála in Port-au-Prince (APN/CPS) ar shlabhra soláthair na dtráchtearraí bunúsacha, rud a d'fhág go raibh ganntanas trealaimh dhaonnúil ann.'.

---

PUBLIC